An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Beartas maidir le Gutháin Phóca

Cuireann An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta guthán póca ar fáil d'oifigigh áirithe dá foireann chun críche gnó oifigiúil faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- Is faoin bPríomhfheidhmeannach atá sé pé acu ar chóir nó nár chóir guthán póca oifige a chur ar fáil d'oifigeach, ag cur san áireamh a mhinice agus atá an t-oifigeach as láthair ón oifig ar ghnó oifigiúil, cúraim fhoirne agus shlándála nó tosca eile.
- Is maoin de chuid COGG an guthán póca agus iarrtar ar oifigigh cúram réasúnta an guthán a choinneáil sábháilte agus i ndea-riocht.
- Is chun críocha oifigiúla a chuirtear an guthán póca ar fáil. Ceadaítear úsáid pearsanta a bhaint as an ngutháin ach an úsáid sin a bheith réasúnta agus cuí.
- Ní féidir guthán COGG a úsáid chun críocha neamhdhleathacha, bagracha nó gráiniúla.

<u>Costas Glaonna Príobháideacha</u>

Íocann COGG costais a bhaineann leis an nguthán póca faoi scéim na Roinne Oideachais agus Scileanna